CUR SÍOS AR AN bPOST

Teideal	Oifigeach Eolaíochta (Leibhéal 4) Ceimiceoir Anailíseach
Uimh. an Phoist	000160
Suíomh an Phoist	Cigireacht Réigiúnach GCC, Baile Átha Cliath.
Cineál na Fostaíochta	Lánaimseartha, buan agus inphinsin i gcomhréir le Coinníollacha Ginearálta Fostaíochta na Foirne Buaine, mar is cuí.
Réimse Oibre	Beifear ar socrúchán ar dtús san Oifig um Chosaint Radaíochta agus Monatóireacht Chomhshaoil. Tá gnéithe éagsúla den mhonatóireacht chomhshaoil i gceist leis an réimse ginearálta oibre seo, a fhéachann le truailliú a chosc agus a choinneáil faoi smacht.
Dualgais agus Freagrachtaí	Tabharfar ról teicniúil don duine a cheapfar agus beidh sé/sí ag obair faoi Bhainisteoir Clár nó oifigeach ainmnithe eile. Ar na dualgais a bheidh i gceist, tá:

Dualgais ar Leith

- Anailís a dhéanamh ar shamplaí uisce, ar dhramhuisce agus ar mheáin eile ag úsáid raon teicnicí ceimiceán fliuch agus ionstramaíochta, lena n-áirítear trealamh uathoibrithe;
- Anailísí coimpléascacha comhshaoil agus feidhmeanna gaolmhara;
- Anailísí a dhéanamh ar shamplaí chun measúnú a dhéanamh ar sceití a théann isteach sa timpeallacht, ar cháilíocht na meán éagsúil comhshaoil, agus ar na hidirghníomhartha idir eatarthu;
- Cuidiú le córais bainistíochta cáilíochta agus riachtanais creidiúnaithe saotharlanna a fheidhmiú, lena n-áirítear nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí dearbhaithe cáilíochta;
- Gnáthchothabháil a dhéanamh ar threalamh agus forbairt agus mionathrú modhanna anailísíochta;
- Comparáid a dhéanamh idir sonraí do thuairiscí náisiúnta agus Aontais Eorpaigh de réir mar is gá;
- Teagmháil a dhéanamh le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí seachtracha eile; agus
- Obair allamuigh agus cuairteanna láithreáin de réir mar is gá.

Dualgais Ghinearálta

- Baill foirne a bhainistiú agus luachanna GCC a chothú;
- An fhoireann a bhainistiú, a spreagadh agus a fhorbairt trí Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF);
- Cláir oibre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear ullmhú, bainistíocht agus rialú buiséid;
- Faisnéis faoin gcomhshaol agus/nó faoin mbainistíocht a bhainistiú agus a chur i láthair;
- Miontuiscint shoiléir a shealbhú ar reachtaíocht ábhartha;
- Déileáil leis an bpobal, leis na meáin agus le comhlachtaí seachtracha éagsúla;
- páirt a ghlacadh i ngrúpaí agus coistí saineolacha an AE, náisiúnta agus/nó eile;
- Dualgais eile a dhéanamh a d'fhéadfaí a shannadh ó am go ham.

Riachtanais Inniúlachta

Leagtar amach thíos an t-eolas, na scileanna agus na príomhinniúlachtaí atá riachtanach don phost seo. Ba chóir d'iarratasóirí fianaise a thabhairt ar na hinniúlachtaí seo ar an bhfoirm iarratais. Cuirfear na hinniúlachtaí seo san áireamh agus na hiarratasóirí á meas ag céim an ghearrliosta agus in agallaimh na n-iarratasóirí atá ar an ngearrliosta.

<u>Oideachas agus Taithí</u>

- céim (Leibhéal 8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí) san Eolaíocht le Ceimic

agus

- íosmhéid trí bliana taithí oibre ábhartha ar a laghad sa réimse anailíse ceimicí, ina n-áireofar na nithe seo a leanas:

  - anailís ar thomhais chomhshaoil agus taithí in ionstramaíocht nua-aimseartha anailísíochta a úsáid, (tá taithí in úsáid GC/MS, HPLC/MS agus ICPMS inmhianaithe)
  - taithí i dteicnicí uathoibrithe anailísíochta agus an cumas gnáthchothabháil/miondeisiú a dhéanamh ar threalamh anailísíochta saotharlainne
  - taithí i gcórais creidiúnaithe/cáilíochta saotharlainne a chur i bhfeidhm
  - cumas obair a dhéanamh as do stuaim féin
  - scileanna idirphearsanta agus cumarsáide (ó bhéal agus i scríbhinn) den scoth
  - ardchaighdeán cuí litearthachta ríomhaire agus scileanna láimhseála sonraí

Príomhinniúlachtaí

- meon an imreora foirne
- dea-scileanna cumarsáide
- aird ar leith ar chustaiméirí/pháirtithe leasmhara
- aird ar leith ar cháilíocht agus ar shoiléire oibre

Ceadúnas Tiomána

Ní mór Ceadúnas Tiomána reatha a bheith ag iarratasóirí.

Tuarastal

€47,081 go €59,294 (agus soláthar ann d'Incrimintí Fadseirbhíse do bhaill foirne bhuana tar éis trí bliana agus sé bliana faoi seach ag barr an scála).

* D'fhéadfadh scála mionathraithe a bheith i gceist do státseirbhísigh atá ann cheana. Tosaíonn ceapacháin nua ag an gcéad phointe ar an scála pá.

Saoire Bhliantúil

29 lá in aghaidh na bliana ag méadú go 30 lá tar éis 5 bliana seirbhíse.

Dáta Deiridh

Caithfidh foirmeacha iarratais comhlánaithe agus sínithe a bheith faighte tráth **nach déanaí ná 5.00 p.m. ar an Luain, an 13 Samhain 2017** ag:

Glacfar le foirmeacha iarratais atá sínithe agus comhlánaithe trí ríomhphost chuig recruitment@epa.ie

nó (i gcás cruachóipe) ag:

Acmhainní Daonna
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
Bosca Poist 3000
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin
Co. Loch Garman

Cuirfear painéal le chéile as a d'fhéadfaí folúntais amach anseo a líonadh do phoist mar Oifigeach Eolaíochta II (Leibhéal 4) Ceimiceoir Anailíseach i gCaisleán an Bharraigh, i Muineachán, i gCill Chainnigh agus i mBaile Átha Cliath.